2025/115

22.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/115 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar le haghaidh flocsaipiorocsaid, lambda-ciahalaitrine, meatalacsaile agus nicitín i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha flocsaipiorocsad, lambda-ciahalaitrin agus meatalacsail, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás na substainte gníomhaí nicitín, socraíodh MRLanna i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) A mhéid a bhaineann le flocsaipiorocsad, cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh dátphlumaí Seapánacha agus fungais shaothraithe.

(3) A mhéid a bhaineann le lambda-ciahalaitrin in abhacáid, cuireadh isteach iarratas ar lamháltas allmhairiúcháin de bhun Airteagal 6(2) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh na substainte sin ar bhonn úsáid na substainte sin i Meicsiceo. Sholáthair an t-iarratasóir fianaise go mbíonn iarmhair a sháraíonn na MRLanna a shocraítear i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar thoradh ar úsáidí údaraithe lambda-ciahalaitrine ar abhacáid i Meicsiceo agus go bhfuil gá le MRLanna níos airde chun bacainní trádála a sheachaint agus na bairr sin á n-allmhairiú. A mhéid a bhaineann le lambda-ciahalaitrin i dtáirgí éanlaithe clóis (matán, saill, ae, duán, scairteach inite) agus uibheacha éan, socraíodh MRLanna sealadacha le Rialachán (AE) 2018/960 ón gCoimisiún ([2]), ar leibhéal 0,01 mg/kg go dtí go gcuirfí isteach sonraí deimhniúcháin maidir le meitibilítí a foirmíodh faoi dhálaí steirilithe. Fuair an Coimisiún faisnéis ó chlár faireacháin an Aontais ina léirítear go bhfuil lambda-ciahalaitrin i láthair i dtráchtearraí ó éanlaith chlóis agus ó uibheacha éan, rud a fhágann go mbíonn iarmhair níos airde ann ná an MRL réamhshocraithe 0,01 mg/kg a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 de bharr úsáidí údaraithe táirgí bithicídeacha.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún na hiarratais, na tuarascálacha meastóireachta, agus na sainchomhaid tacaíochta chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás'). Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le lambda-ciahalaitrin i dtáirgí éanlaithe clóis agus uibheacha éan, sheol an Coimisiún sainordú chuig an Údarás chun measúnú riosca spriocdhírithe a dhéanamh i ndáil le hiarmhair lambda-ciahalaitrine i dtáirgí éanlaithe clóis agus uibheacha éan chun iarmhair de thionscnamh úsáidí bithicídeacha a chumhdach. Dhíorthaigh an Coimisiún na MRLanna sealadacha atá beartaithe ar bhonn sonraí faireacháin agus shocraigh sé na MRLanna sin ar leibhéal 0,03 mg/kg agus 0,02 mg/kg, le haghaidh táirgí éanlaithe clóis agus uibheacha éan faoi seach, rud a chomhfhreagraíonn don 95[ú] peircintíl de thorthaí uile an tsampla.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/960 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2018 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh lambda-ciahalaitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 169, 6.7.2018, lgh. 27-50, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/960/oj).

(5) Rinne an tÚdarás measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ([3]). Chuir sé na tuairimí réasúnaithe uaidh ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le lambda-ciahalaitrin i dtáirgí éanlaithe clóis agus uibheacha éan go háirithe, rinne an tÚdarás measúnú ar an riosca cothaithe ar bhonn an tsainordaithe ón gCoimisiún ([4]) agus an nochtadh do lambda-ciahalaitrin trí iarmhair i dtráchtearraí bia ó éanlaith chlóis agus uibheacha éan á chur san áireamh.

(6) A mhéid a bhaineann leis na MRLanna le haghaidh flucsaipiorocsaid i ndátphlumaí Seapánacha agus fungais shaothraithe, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí a cuireadh isteach chun tacú leis an iarraidh leordhóthanach chun moltaí i ndáil le MRLanna le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú a dhíorthú agus gur dócha nach mbeidh riosca ann do shláinte an tomhaltóra mar thoradh ar úsáid flucsaipiorocsaid, de réir na gcleachtas talmhaíochta a tuairiscíodh agus go dtí go gcuirfear isteach na sonraí deimhniúcháin a iarrtar faoin athbhreithniú MRL.

(7) A mhéid a bhaineann leis an MRL le haghaidh lambda-ciahalaitrine in abhacáid, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuarthas go raibh na sonraí a cuireadh isteach chun tacú leis an iarraidh leordhóthanach chun moltaí i ndáil le MRLanna le haghaidh an tráchtearra sin a dhíorthú agus thug sé faoi deara gur tugadh isteach i reachtaíocht an Aontais le haghaidh gach tráchtearra bia bearna sonraí ginearálta maidir le sonraí tocsaineolaíocha le haghaidh táirgí díghrádúcháin i staidéir chaighdeánacha hidrealaithe atá ionadaíoch do dhálaí steirilithe. Ós rud é go dtomhlaítear abhacáid agus iad neamhphróiseáilte den chuid is mó, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil an grúpa sonraí sin chomh hábhartha céanna d'abhacáid agus atá sé do tháirgí eile. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL a shocrú ag an leibhéal 0,15 mg/kg le haghaidh lambda-ciahalaitrine in abhacáid. A mhéid a bhaineann leis na MRLanna le haghaidh lambda-ciahalaitrine i dtáirgí éanlaithe clóis (matán, saill, ae, duán, scairteach inite) agus uibheacha éan, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur dócha nach mbeidh riosca ann do shláinte an tomhaltóra maidir leis na MRLanna atá bunaithe ar shonraí faireacháin ar na leibhéil atá beartaithe, is é sin 0,03 mg/kg agus 0,02 mg/kg faoi seach. Thug an tÚdarás dá aire go ndéanann éiginnteachtaí difear don mheasúnú ar nochtadh do thomhaltóirí, éiginnteachtaí a bhaineann leis an mbearna sonraí maidir le foirmiú meitibilítí faoi dhálaí steirilithe agus maidir le hairíonna tocsaineolaíocha meitibilítí áirithe (comhdhúile Ia agus XI) a sainaithníodh san athbhreithniú MRL de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna atá beartaithe a bheith sealadach go fóill go dtí go gcuirfear isteach na sonraí deimhniúcháin chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí sin.

(8) Ar bhonn na dtuairimí ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna inghlactha.

(9) A mhéid a bhaineann le meatalacsail, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) nua le haghaidh na substainte gníomhaí sin ([5]) an 2 Nollaig 2023.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

([3]) EFSA 2024. Modhnú ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh flocsaipiorocsaid i ndátphlumaí Seapánacha agus i mbeacáin shaothraithe. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 22(4), e8696. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8696.
EFSA 2023. Lamháltas allmhairiúcháin a shocrú le haghaidh lambda-ciahalaitrine in abhacáid. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(12), e8464. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8464.

([4]) EFSA 2024. Measúnú riosca spriocdhírithe a dhéanamh i ndáil le hiarmhair lambda-ciahalaitrine i dtráchtearraí ó éanlaith chlóis agus uibheacha éan. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 22(6), e8816. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8816.

([5]) Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An Séú Seisiún is Ceathracha. Ceanncheathrú FAO, An Róimh, An Iodáil. An 27 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2023. fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-46%252F%25E2%2598%2585Final%252520Report%252FREP23_CACe.pdf.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

(11) Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí atá ag gabháil leis na CXLanna sin do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch ([7]). Chuir an tAontas ábhair imní ([8]) ([9]), faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis na CXLanna a bhí beartaithe le haghaidh roinnt comhcheangail lotnaidicídí/táirgí, ar shainaithin an tÚdarás riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte tomhaltóirí ina leith sa tuarascáil eolaíoch uaidh.

(12) Maidir leis na CXLanna nár shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus dá bhrí sin nár chuir an tAontas ábhar imní faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ná an Choimisiúin Codex Alimentarius ina leith, is féidir a mheas go bhfuil siad sábháilte. Is amhlaidh atá i gcás na CXLanna le haghaidh meatalacsaile in anainn agus ginsing thriomaithe. Dá bhrí sin, ba cheart na CXLanna sin a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ach amháin i gcás ina mbaineann siad le táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó i gcás ina bhfuil siad ar leibhéal níos ísle ná na MRLanna atá ann faoi láthair.

(13) Ar bhonn na tuarascála eolaíche ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna inghlactha.

(14) A mhéid a bhaineann le nicitín i bpónairí caife, tá feidhm ag an MRL réamhshocraithe 0,01 mg/kg de réir Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, ós rud é nach leagtar amach aon MRL sonrach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin. Ar bhonn na sonraí faireacháin a thagann ó chlár faireacháin an Aontais agus tar éis dul i gcomhairle le Saotharlann Tagartha AE a mhol an MRL eachtarshuímh tipiciúil a úsáid le haghaidh tráchtearraí deacra (0,05 mg/kg), is iomchuí MRL sealadach a shocrú ar leibhéal 0,05 mg/kg le haghaidh nicitín i bpónairí caife chun iarmhair a thagann as foinsí féideartha seachas úsáid lotnaidicídí a chur san áireamh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) EFSA 2023. Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas a ullmhú le haghaidh an 54ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí (CCPR). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 21(8), 1–303. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8111.

([8]) Barúlacha ón Aontas Eorpach maidir le Codex CX/PR 23/54/5-Add.1: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FWDs%252Fpr54_05_Add1x.pdf.

([9]) Tuarascáil ón 54ú seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí REP23/PR54: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-54%252FREPORT%252FFINAL%252520REPORT%252520CORRIGENDUM%252FREP23_PR54e_CORR.pdf.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh flocsaipiorocsaid, lambda-ciahalaitrine agus meatalacsaile:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Flocsaipiorocsad (F)	Lamdba-ciahalaitrin (lena n-áirítear gáma-ciahalaitrin) (suim isiméirí R,S agus S,R) (F)	Meatalacsail agus meatalacsail-M (meatalacsail lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha lena n-áirítear meatalacsail-M (suim na n-isiméirí)) (R)
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**			
0110000	**Torthaí citris**		0,2(+)	
0110010	Seadóga	0,6	(+)	0,7
0110020	Oráistí	1,5	(+)	0,7
0110030	Líomóidí	1	(+)	0,01 (*)
0110040	Líomaí	1	(+)	0,4
0110050	Mandairíní	1	(+)	0,4
0110990	Eile (2)	0,01 (*)	(+)	0,01 (*)
0120000	**Cnónna crann**	0,04	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0120010	Almóinní		(+)	
0120020	Cnónna Brasaíleacha		(+)	
0120030	Cnónna caisiú		(+)	
0120040	Castáin		(+)	
0120050	Cnónna cócó		(+)	
0120060	Cnónna coill		(+)	
0120070	Macadaimia		(+)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0120080	Cnónna peacáin		(+)	
0120090	Eithní cnónna péine		(+)	
0120100	Cnónna pistéise		(+)	
0120110	Gallchnónna		(+)	
0120990	Eile (2)		(+)	
0130000	**Torthaí póma**	0,9	(+)	0,01 (*)
0130010	Úlla		0,08(+)	
0130020	Piorraí		0,08(+)	
0130030	Cainchí		0,2(+)	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		0,2(+)	
0130050	Locuatanna		0,2(+)	
0130990	Eile (2)		0,01 (*)(+)	
0140000	**Torthaí cloiche**			0,01 (*)
0140010	Aibreoga	1,5	0,15(+)	
0140020	Silíní (iad milis)	3	0,3(+)	
0140030	Péitseoga	1,5	0,15(+)	
0140040	Plumaí	1,5	0,2(+)	
0140990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0150000	**Caora agus torthaí beaga**		(+)	
0151000	(a) **fíonchaora**	3	(+)	1,5
0151010	Fíonchaora boird		0,08(+)	
0151020	Fíniúnacha coiteanna		0,2(+)	
0152000	(b) **súitha talún**	4	0,2(+)	0,6
0153000	(c) **torthaí cána**	0,01 (*)	0,2(+)	0,02 (*)
0153010	Sméara dubha		(+)	
0153020	Eithreoga		(+)	
0153030	Súitha craobh (iad dearg agus buí)		(+)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0153990	Eile (2)		(+)	
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		(+)	
0154010	Fraocháin	7	0,2(+)	0,01 (*)
0154020	Mónóga	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	0,01 (*)	0,2(+)	0,4
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	0,01 (*)	0,2(+)	0,3
0154050	Mogóirí róis	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0154080	Caora troim	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0154990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**			
0161000	(a) **craiceann inite**		(+)	0,05 (*)
0161010	Dátaí	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0161020	Figí	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0161030	Ológa boird	0,01 (*)	1(+)	
0161040	Cumcuait	1	0,01 (*)(+)	
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	**0,2**	0,09 (+)	
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0161990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**	0,01 (*)	(+)	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		0,05 (+)	0,02 (*)
0162020	Lítsíonna		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0162030	Páiseoga		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0162040	Piorraí deilgneacha		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0162050	Réalt-úlla		0,01 (*)(+)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0162990	Eile (2)		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**		(+)	
0163010	Abhacáid	0,01 (*)	**0,15**(+)	0,01 (*)
0163020	Bananaí	3	0,15(+)	0,01 (*)
0163030	Mangónna	0,7	0,2(+)	0,01 (*)
0163040	Papánna	1	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163050	Pomagránaití	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163060	Céiriomoighe	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163070	Guábhaí	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163080	Anainn	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	**0,1**
0163090	Torthaí aráin	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163100	Duraígh	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163110	Úlla deilgneacha	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0163990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**		(+)	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**		(+)	
0211000	(a) **prátaí**	0,3(+)	0,01 (*)(+)	0,02
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	0,2(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0212010	Casabhaigh	(+)	(+)	
0212020	Prátaí milse	(+)	(+)	
0212030	Ionaim	(+)	(+)	
0212040	Ararút	(+)	(+)	
0212990	Eile (2)	(+)	(+)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	0,9(+)	(+)	
0213010	Meacain bhiatais	(+)	0,04(+)	0,02 (*)
0213020	Meacain dhearga	(+)	0,04(+)	0,1
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	(+)	0,07(+)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0213040	Meacain ragaim	(+)	0,04(+)	0,1
0213050	Bliosáin ghréine	(+)	0,04(+)	0,01 (*)
0213060	Meacain bhána	(+)	0,04(+)	0,1
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	(+)	0,04(+)	0,01 (*)
0213080	Raidisí	(+)	0,15(+)	0,06
0213090	Salsabh	(+)	0,04(+)	0,02 (*)
0213100	Svaeideanna	(+)	0,04(+)	0,01 (*)
0213110	Tornapaí	(+)	0,04(+)	0,01 (*)
0213990	Eile (2)	(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0220000	**Glasraí bleibíní**	(+)	0,2(+)	
0220010	Gairleog	0,2(+)	(+)	0,02 (*)
0220020	Oinniúin	0,2(+)	(+)	0,03
0220030	Seallóidí	0,2(+)	(+)	0,02 (*)
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	0,7(+)	(+)	0,3
0220990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	(+)	0,01 (*)
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**		(+)	
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**	0,6	(+)	
0231010	Trátaí		0,07(+)	0,3
0231020	Piobair		0,1(+)	0,4
0231030	Ubhthorthaí		0,3(+)	0,01 (*)
0231040	Ocra		0,3(+)	0,01 (*)
0231990	Eile (2)		0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**	0,2	(+)	
0232010	Cúcamair		0,05 (+)	0,5
0232020	Gircíní		0,15(+)	0,01 (*)
0232030	Cúirséid		0,15(+)	0,01 (*)
0232990	Eile (2)		0,01 (*)(+)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	0,15	0,06(+)	
0233010	Mealbhacáin		(+)	0,15
0233020	Puimcíní		(+)	0,01 (*)
0233030	Mealbhacáin uisce		(+)	0,15
0233990	Eile (2)		(+)	0,01 (*)
0234000	(d) **arbhar milis**	0,15	0,05 (+)	0,05 (*)
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	(+)	(+)	
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	(+)	0,1(+)	0,2
0241010	Brocailí	2(+)	(+)	
0241020	Cóilis	0,2(+)	(+)	
0241990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	(+)	
0242000	(b) **praiseach chinn**	(+)	(+)	
0242010	Bachlóga Bruiséile	0,4(+)	0,04(+)	0,15
0242020	Cabáistí cinn	0,5(+)	0,15(+)	0,06
0242990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	(+)	(+)	
0243010	Cabáistí Síneacha	4(+)	0,3(+)	0,02 (*)
0243020	Cáil	0,15(+)	0,01 (*)(+)	0,3
0243990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0244000	(d) **cálráibí**	0,15(+)	0,01 (*)(+)	0,02 (*)
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**		(+)	
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	4(+)	(+)	3
0251010	Ceathrúna uain	(+)	1,5 (+)	
0251020	Leitísí	(+)	0,15(+)	
0251030	Searbháin muc	(+)	0,07(+)	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	(+)	0,7(+)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0251050	Biolair thalún	(+)	0,7(+)	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	(+)	0,7(+)	
0251070	Mustard dearg	(+)	0,01 (*)(+)	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	(+)	0,7(+)	
0251990	Eile (2)	(+)	0,01 (*)(+)	
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	3(+)	(+)	1,5
0252010	Spionáistí	(+)	0,6(+)	
0252020	Puirsleáin	(+)	0,01 (*)(+)	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	(+)	0,2(+)	
0252990	Eile (2)	(+)	0,01 (*)(+)	
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	6(+)	0,01 (*)(+)	0,4
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	3(+)	0,7(+)	3
0256010	Costóg	(+)	(+)	
0256020	Síobhas	(+)	(+)	
0256030	Duilleoga soilire	(+)	(+)	
0256040	Peirsil	(+)	(+)	
0256050	Sáiste	(+)	(+)	
0256060	Marós	(+)	(+)	
0256070	Tím	(+)	(+)	
0256080	Basal agus bláthanna inite	(+)	(+)	
0256090	Duilleog labhrais	(+)	(+)	
0256100	Dragan	(+)	(+)	
0256990	Eile (2)	(+)	(+)	
0260000	**Léagúim**		(+)	
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)	2	0,4(+)	0,02 (*)
0260020	Pónairí (gan faighneoga orthu)	0,09	0,2(+)	0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)	2	0,2(+)	0,02 (*)
0260040	Piseanna (gan faighneoga orthu)	0,3	0,2(+)	0,02 (*)
0260050	Lintilí	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0260990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0270000	**Glasraí gais**		(+)	
0270010	Lus súgach	0,01 (*)	0,02(+)	0,02 (*)
0270020	Cardúin	9(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0270030	Soilirí	9(+)	0,2(+)	0,01 (*)
0270040	Finéal Fhlórans	9(+)	0,3(+)	0,01 (*)
0270050	Bliosáin chruinne	0,4(+)	0,15(+)	0,02 (*)
0270060	Cainneanna	0,7(+)	0,07(+)	0,03
0270070	Biabhóg	9(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0270990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**		(+)	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	**0,3**	0,01 (*)(+)	
0280020	Fungais fhiáine	0,01 (*)	0,5(+)	
0280990	Caonaigh agus léicin	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	(+)	0,05 (+)	
0300010	Pónairí	0,3(+)	(+)	0,02 (*)
0300020	Lintilí	0,4(+)	(+)	0,01 (*)
0300030	Piseanna	0,4(+)	(+)	0,02 (*)
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	0,2(+)	(+)	0,02 (*)
0300990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	(+)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**		(+)	
0401000	**Olashíolta**		(+)	
0401010	Ros lín	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401020	Piseanna talún	0,01 (*)	0,2(+)	0,01 (*)
0401030	Síolta poipín	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401040	Síolta seasamain	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401060	Síolta ráibe	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401070	Pónairí soighe	0,15	0,05 (+)	0,01 (*)
0401080	Síolta mustaird	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401090	Síolta cadáis	0,5	0,2(+)	0,01 (*)
0401100	Síolta puimcín	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401120	Síolta borráiste	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401130	Caimilín	0,9	0,2(+)	0,02 (*)
0401140	Síolta cnáibe	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,9	0,2(+)	0,01 (*)
0401990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0402000	**Olathorthaí**		(+)	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	0,01 (*)	0,5(+)	0,01 (*)
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme ola	0,8	0,01 (*)(+)	0,015
0402040	Capac	0,8	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0402990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0500000	**GRÁNAIGH**	(+)	(+)	
0500010	Eorna	3(+)	0,5(+)	0,01 (*)
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,01 (*)(+)	0,02(+)	0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0500040	Muiléad coiteann	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0500050	Coirce	3(+)	0,3(+)	0,01 (*)
0500060	Rís	5(+)	0,2(+)	0,01 (*)
0500070	Seagal	0,4(+)	0,05 (+)	0,01 (*)
0500080	Sorgam	0,8(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0500090	Cruithneacht	0,4(+)	0,05 (+)	0,01 (*)
0500990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**		0,01 (*)(+)	
0610000	**Taenna**	0,05 (*)	(+)	0,05 (*)
0620000	**Pónairí caife**	0,2	(+)	0,05 (*)
0630000	**Insiltí luibhe ó**		(+)	
0631000	(a) **bláthanna**	0,05 (*)	(+)	0,05 (*)
0631010	Camán meall		(+)	
0631020	Roiseog		(+)	
0631030	Rós		(+)	
0631040	Seasmain		(+)	
0631050	Teile		(+)	
0631990	Eile (2)		(+)	
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	30(+)	(+)	0,05 (*)
0632010	Sú talún	(+)	(+)	
0632020	Rooibos	(+)	(+)	
0632030	Maité	(+)	(+)	
0632990	Eile (2)	(+)	(+)	
0633000	(c) **fréamhacha**	2(+)	(+)	
0633010	Caorthann corraigh	(+)	(+)	0,05 (*)
0633020	Ginsing	(+)	(+)	**0,06** (*)
0633990	Eile (2)	(+)	(+)	0,05 (*)
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	0,05 (*)	(+)	0,05 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0640000	**Pónairí cócó**	0,05 (*)	(+)	0,05
0650000	**Carúib**	0,05 (*)	(+)	0,05 (*)
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)	10 (+)	15
0800000	**SPÍOSRAÍ**		(+)	
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 (*)	0,3(+)	0,05 (*)
0810010	Ainís		(+)	
0810020	Calaindí		(+)	
0810030	Soilire		(+)	
0810040	Lus an choire		(+)	
0810050	Cuimín		(+)	
0810060	Lus mín		(+)	
0810070	Finéal		(+)	
0810080	Feinigréag		(+)	
0810090	Noitmig		(+)	
0810990	Eile (2)		(+)	
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 (*)	(+)	
0820010	Ilspíosra/pimeantó		0,3(+)	0,05 (*)
0820020	Piobar Szechuan		0,3(+)	0,05 (*)
0820030	Cearbhas		0,3(+)	0,05 (*)
0820040	Cardamam		2(+)	0,05 (*)
0820050	Caor aitil		0,3(+)	0,05 (*)
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		0,3(+)	2
0820070	Fanaile		0,3(+)	0,05 (*)
0820080	Tamarain		0,3(+)	0,05 (*)
0820990	Eile (2)		0,3(+)	0,05 (*)
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)	0,01 (*)(+)	0,05 (*)
0830010	Cainéal		(+)	
0830990	Eile (2)		(+)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**			
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,05 (+)	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)			
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,05 (+)	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)			
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,05 (+)	0,05 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)	0,01 (*)(+)	0,05 (*)
0850010	Clóibh		(+)	
0850020	Caprais		(+)	
0850990	Eile (2)		(+)	
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)	0,01 (*)(+)	0,05 (*)
0860010	Cróch		(+)	
0860990	Eile (2)		(+)	
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)	0,01 (*)(+)	0,05 (*)
0870010	Maicis		(+)	
0870990	Eile (2)		(+)	
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	(+)	(+)	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	0,4(+)	0,01 (*)(+)	
0900020	Cánaí siúcra	3(+)	0,05 (+)	
0900030	Fréamhacha siocaire	0,3(+)	0,01 (*)(+)	
0900990	Eile (2)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)(+)	
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**		(+)	
1010000	**Tráchtearraí ó**		(+)	
1011000	(a) **mucra**		(+)	
1011010	Matán	0,015	0,15(+)	0,01 (*)
1011020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)
1011030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,05 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1011040	An duán	0,1	0,2(+)	0,15
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,15
1011990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1012000	(b) **bó-ainmhí**		(+)	
1012010	Matán	0,015	0,02(+)	0,01 (*)
1012020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)
1012030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,06
1012040	An duán	0,1	0,2(+)	0,4
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,4
1012990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1013000	(c) **caoraigh**		(+)	
1013010	Matán	0,015	0,02(+)	0,01 (*)
1013020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)
1013030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,05 (*)
1013040	An duán	0,1	0,2(+)	0,15
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,15
1013990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1014000	d) **gabhar**		(+)	
1014010	Matán	0,015	0,15(+)	0,01 (*)
1014020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)
1014030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,05 (*)
1014040	An duán	0,1	0,2(+)	0,15
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,15
1014990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1015000	(e) **eachaí**		(+)	
1015010	Matán	0,015	0,02(+)	0,01 (*)
1015020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1015030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,06
1015040	An duán	0,1	0,2(+)	0,4
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,4
1015990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1016000	(f) **éanlaith chlóis**		(+)	
1016010	Matán	0,02	**0,03(+)**	0,01 (*)
1016020	Saill	0,05	**0,03(+)**	0,01 (*)
1016030	An t-ae	0,02	**0,03(+)**	0,05 (*)
1016040	An duán	0,01 (*)	**0,03(+)**	0,05 (*)
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	**0,03(+)**	0,05 (*)
1016990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)**(+)**	0,01 (*)
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**		(+)	
1017010	Matán	0,015	0,02(+)	0,01 (*)
1017020	Saill	0,2	3(+)	0,01 (*)
1017030	An t-ae	0,1	0,05 (+)	0,05 (*)
1017040	An duán	0,1	0,2(+)	0,15
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,2	3(+)	0,15
1017990	Eile (2)	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1020000	**Bainne**	0,02	0,02(+)	0,01 (*)
1020010	Eallach		(+)	
1020020	Caoirigh		(+)	
1020030	Gabhar		(+)	
1020040	Capall		(+)	
1020990	Eile (2)		(+)	
1030000	**Uibheacha éan**	0,02	**0,02(+)**	0,01 (*)
1030010	An chearc		(+)	
1030020	Lacha		(+)	
1030030	Géanna		(+)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1030040	Gearg		(+)	
1030990	Eile (2)		(+)	
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 (*)	0,05 (*)(+)	0,05 (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 (*)	0,01 (*)(+)	0,01 (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**			
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**			
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**			

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh
([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Flocsaipiorocsad (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 20 Aibreán 2023, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0211000 (a) prátaí
0212000 (b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha
0212010 Casabhaigh
0212020 Prátaí milse
0212030 Ionaim
0212040 Ararút
0212990 Eile (2)
0213000 (c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra
0213010 Meacain bhiatais
0213020 Meacain dhearga
0213030 Soiliriac/soilire tornapa
0213040 Meacain ragaim
0213050 Bliosáin ghréine
0213060 Meacain bhána
0213070 Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg
0213080 Raidisí
0213090 Salsabh
0213100 Svaeideanna
0213110 Tornapaí
0213990 Eile (2)
0220000 Glasraí bleibíní
0220040 Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil

0220990 Eile (2)
0240000 Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)
0241000 (a) praiseach bhlátha
0241010 Brocailí
0241020 Cóilis
0241990 Eile (2)
0242000 (b) praiseach chinn
0242010 Bachlóga Bruiséile
0242020 Cabáistí cinn
0242990 Eile (2)
0243000 (c) praiseach dhuilleach
0243010 Cabáistí Síneacha
0243020 Cáil
0243990 Eile (2)
0244000 (d) cálráibí
0251000 (a) leitísí agus plandaí sailéid
0251010 Ceathrúna uain
0251020 Leitísí
0251030 Searbháin muc
0251040 Biolair agus eascróga agus peacáin eile
0251050 Biolair thalún
0251060 Ruachán Rómhánach
0251070 Mustard dearg
0251080 Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)
0251990 Eile (2)
0252000 (b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla
0252010 Spionáistí
0252020 Puirsleáin
0252030 Seardas/duilleoga biatais
0252990 Eile (2)
0255000 (e) sreabháin na Beilge
0256000 (f) luibheanna agus bláthanna inite
0256010 Costóg
0256020 Síobhas
0256030 Duilleoga soilire
0256040 Peirsil
0256050 Sáiste
0256060 Marós
0256070 Tím
0256080 Basal agus bláthanna inite
0256090 Duilleog labhrais
0256100 Dragan
0256990 Eile (2)
0270020 Cardúin
0270030 Soilirí
0270040 Finéal Fhlórans
0270050 Bliosáin chruinne
0270060 Cainneanna
0270070 Biabhóg
0300000 PISEÁNAIGH
0300010 Pónairí
0300020 Lintilí

0300030 Piseanna
0300040 Lúipíní/pónairí lúipíní
0300990 Eile (2)
0500000 GRÁNAIGH
0500010 Eorna
0500020 Ruán agus bréag-ghránaigh eile
0500030 Arbhar Indiach/arbhar
0500040 Muiléad coiteann
0500050 Coirce
0500060 Rís
0500070 Seagal
0500080 Sorgam
0500090 Cruithneacht
0500990 Eile (2)
0900000 PLANDAÍ SIÚCRA
0900010 Fréamhacha biatas siúcra
0900020 Cánaí siúcra
0900030 Fréamhacha siocaire
0900990 Eile (2)
Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair agus faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 20 Aibreán 2023, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0220010 Gairleog
0220020 Oinniúin
0220030 Seallóidí
Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíseacha agus faoi iarmhair i mbarra uainíochta sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 20 Aibreán 2023, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0632000 (b) duilleoga agus luibheanna
0632010 Sútha talún
0632020 Rooibos
0632030 Maité
0632990 Eile (2)
0633000 (c) fréamhacha
0633010 Caorthann corraigh
0633020 Ginsing
0633990 Eile (2)

Lamdba-ciahalaitrin (lena n-áirítear gáma-ciahalaitrin) (suim isiméirí R,S agus S,R) (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibilítí áirithe (comhdhúile Ia, IV agus gáma-lachtón) a foirmíodh faoi dhálaí steirilithe agus faisnéis faoi chobhsaíocht stórála sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 6 Iúil 2020, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0110000 Torthaí citris
0110010 Seadóga
0110020 Oráistí
0110030 Líomóidí
0110040 Líomaí
0110050 Mandairíní
0110990 Eile (2)
0151000 (a) fíonchaora
0151010 Fíonchaora boird

0151020 Fíniúnacha coiteanna
0152000 (b) sútha talún
